SCOIL AN TSRATHA MHÓIR
Gleann Domhain, Mín an Labáin, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall.
Uimhir Fón: 074 9137454 | ríomhphost:oifig@stramorens.ie

Scoil an tSrátha Mhóir

Beartas Maoirseachta

Supervision Policy

Réamhrá *Introduction*

Ceapadh an beartas seo i 2026. Baineann sé le gach ball foirne agus páiste le linn uaireanta scoile, am sosa, agus le gach gníomhaíocht a bhaineann leis an scoil.

This policy was formulated in 2026,. It applies to all staff and children during school hours, break times, and on all school related activities.

Rationale

Cuireann Rialacha 121(4) agus 124(1) de na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta agus Alt 23(2) den Acht Oideachais 1998 ceangal ar mhúinteoirí gach réamhchúram réasúnach a ghlacadh chun sábháilteacht daltaí a chinntiú nuair a bhíonn na daltaí ar áitreabh na scoile, le linn am scoile agus/nó ar ghníomhaíochtaí scoile. Dá réir sin, tá freagracht fós ar na múinteoirí go léir ina n-aonar nó le chéile as dualgas cúraim a sholáthar i gcónaí do na daltaí sna scoileanna ina múineann siad, lena n-áirítear tréimhsí maoirseachta.'

The Rules 121(4) and 124(1) of the Rules for National Schools and Section 23(2) of the Education Act 1998 oblige teachers to take all reasonable precautions to ensure the safety of pupils when the pupils are on school premises, during school time and/or on school activities. Accordingly, the responsibility of all teachers individually or collectively to provide a duty of care at all times towards the pupils in the schools in which they teach, including periods of supervision remains.'

Mar thoradh ar Acht Sláinte, Sábháilteachta agus Leas ag an Obair agus breithiúnais cúirte a rinneadh le déanaí tá dualgas cúraim agus cuntasacht ar scoileanna anois agus ní mór polasaí a ullmhú chun freagairt do riachtanais maoirseachta éagsúla.

Legislation such as the Health Safety and Welfare at Work Act and recent Court judgments have placed a "duty of care" and accountability on schools that must be underpinned by a policy covering all possible eventualities.

Gaol le hÉiteas na Scoile ***Relationship to the Ethos of the School***

Tá an polasaí seo ag teacht le héiteas na scoile maidir le timpeallacht shábháilte agus shlán foghlama a sholáthar do gach dalta agus do phobal na scoile.

This policy is in keeping with the school ethos of providing a safe and secure environment for learning for all pupils and the wider school community.

Aidhmeanna agus Cuspóirí ***Aims and Objectives***

- Creat a fhorbairt a chinntíonn, chomh fada agus is féidir, sábháilteacht leanaí agus iad ag súgradh ar an gclós súgartha nó i mbun gníomhaíochtaí a bhaineann leis an scoil.
  To develop a framework that ensures, as far as is practicable, the safety of children while at play on the playground or while engaged in school related activities.

- Breathnú agus monatóireacht a dhéanamh ar phatrúin iompraíochta lasmuigh de theorainneacha an tseomra ranga.
  To observe and monitor behavioural patterns outside the confines of the classroom

- Cur le bainistíocht éifeachtach scoile agus cloí leis an reachtaíocht chuí.
  To contribute to effective school management and comply with relevant legislation.

SCOIL AN TSRATHA MHÓIR
Gleann Domhain, Mín an Labáin, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall.
Uimhir Fón: 074 9137454 | ríomhphost:oifig@stramorens.ie

Nósanna Imeachta Scoile *School Procedures*

Teacht ar scoil: *Arrival at school*

- Glacann múinteoirí dualgas cúraim ar 9.10r.n.
  Osclaítear doirse do na daltaí ag 9.10rn do na páistí a thagann ó Chéimeanna Cliste.
  Ní cheadaítear ach do bhaill foirne na scoile teacht isteach roimhe sin.
  Siúlann páistí díreach chuig na seomraí ranga áit a mbíonn an múinteoir ranga ann rompu.
  Bíonn suas le ceathrar fostaithe scoile ar dualgas ar maidin le fáilte a chur roimh na daltaí ó na busanna agus Céimeanna Cliste.

  Teachers assume a duty of care at 9.10am
  School doors will open at 9.10am for children who arrive from Céimeanna Cliste. Only staff permitted before this time.
  Students proceed directly to their classrooms where they are greeted by their class teacher

  Up to 4 Staff members are on duty each morning to welcome the children from the buses.

- Má thagann naíonán ar scoil déanach rachaidh Sharon nó duine don bhall foirne leo chuig a seomra ranga.

  If infant children are late for school they will be accompanied by Sharon or a member of staff to their classroom.

- Cuireann an Bord Bainistíochta in iúl do thuismitheoirí nach nglacann an scoil freagracht as daltaí a thagann chun an scoile níos luaithe ná 9.10r.n. Beidh páistí a fhreastalaíonn ar an chlub bricfeasta faoi churam Céimeanna Cliste go dtí 9.10r.n.

  The Board of Management informs parents that the school does not accept responsibility for pupils dropped off earlier than 9:10am. Children who attend breakfast club are fully supervised by Céimeanna Cliste until 9.10r.n.

Am Sosa agus Am Lóin: ***Break and Lunch times***

- Tá sé mar pholasaí ag an scoil clós súgartha na scoile a mhaoirsiú i gcónaí le linn am sosa agus am lóin rialta.

  11.00-11.10rn agus 12.45 - 1:15in,

  It is the policy of the school to supervise the school playground at all times during regular break and lunch times.

  11:00 - 11:10am and 12:45-1:15pm

- Socraíonn Múinteoir Rónán MacNiallais maoirseachta clóis ag tús gach téarma i gcomhairle leis an Phríomhoide. Tugtar cóip do gach ball foirne, ar an tiomántán agus ar taispeáint ar chlár fógraí an tseomra foirne.

  A Rota for yard supervision is drawn up by Múinteoir Rónán MacNiallais in consultation with the Principal. A copy is given to each staff member, on the Drive is also displayed on the staff room notice board,

- Déantar athbhreithniú agus leasú ar rialacha chlós na scoile de réir mar is gá agus cuirtear i gcuimhne do na páistí iad go rialta.

  Rules of the school yard are reviewed and revised as deemed necessary and children are reminded of them regularly.

- Má chuireann tuismitheoirí / múinteoirí in iúl go bhfuil imní orthu faoi leanbh ar leith ar an gclós cuirfear an t-ábhar imní in iúl do na múinteoirí go léir atá ar dhualgas clóis le gur féidir dul i ngleic go sásúil leis na hábhair imní ar leith.

If parents/ teachers indicate a worry about a particular child on the yard all teachers rostered for yard duty are informed of the concern so that the particular concerns can be addressed satisfactorily

- Siúlann na hoidí ranga a gcuid daltaí go dtí an clós agus cinntíonn siad go bhfuil an múinteoir atá ar dualgas i láthair sula bhfágann siad an clós.

  Class teachers walk with their pupils to the yard and ensure that the teacher on duty is present before leaving. The teacher on duty remains on duty until the class teacher's return from break.

- Ba chóir do mhúinteoirí a thógann lá SBP socrú a dhéanamh chun dualgais mhaoirseachta a mhalartú le comhghleacaí. Má bhíonn múinteoir as láthair gan choinne eagraíonn an Príomhoide / Príomhoide Tánaisteach duine eile chun an dualgas clóis a dhéanamh

  Teachers taking a course day should arrange to exchange supervision duties with a colleague. If a teacher is unexpectedly absent the Principal / Deputy Principal arranges alternative supervision.

- Bíonn gach Cúntóir Riachtanas Speisialta ar dualgas le linn am sosa agus am lóin. Cé go mbíonn na Cúntóirí seo ag déanamh maoirseachta ar leanaí sainriachtanais speisialta, is féidir leo gníomhú i gcáil breathnadóireachta agus tuairiscithe, ag tabhairt cásanna mí-iompair ar aird an mhúinteora atá ar dualgas clóis. Leantar céimeanna atá leagtha amach i gCód Iompair agus i mBeartas Frithbhullaíochta na scoile chun déileáil le cásanna mí-iompair

  All Special Needs Assistants are on duty during break and lunch times. While these Assistants provide individual supervision for designated Special Needs children, they can act in an observing and reporting capacity, bringing instances of misbehaviour to the attention of the teacher on playground duty Steps laid out in the school's Code Of Behaviour and Anti-Bullying Policy are followed when dealing with instances of misbehaviour.

- Déileálann Múinteoir ar dualgas le leanaí atá gortaithe nó a bhfuil gearáin acu. Má tá cóireáil garchabhrach le cur ar an bpáiste tugann an dara múinteoir atá ar dualgas clóis / CRS an páiste go dtí an oifig. Cuirfidh an ball foirne atá ar dualgas garchabhrach. (Rúnaí / Príomhoide) cóireail garchabhrach air/uirthi.

  Children with injuries/complaints are dealt with by a Teacher on duty. If first aid treatment is necessary the second teacher on yard duty / SNA brings the child to the office where he/she is treated by the member of staff on first aid duty.(Secretary/ Principal)

- Coinnítear boscaí garchabhrach agus leabhair Tuairisce Timpiste san oifig.Scríobhtar tuairisc ar thimpistí ina bhfuil gortú sa Leabhar Tuairisce Timpiste. Má cheapann múinteoirí go bhfuil páiste tinn cuirtear glaoch ar na na tuismitheoirí.

  First Aid boxes and Accident Report books are kept in the office. All accidents where there is injury involved are noted in the Accident Report Book Where teachers suspect that a child is unwell parents are notified by phone.

- Ar lá fliuch bíonn an dualgas céanna ar siúl laistigh. Bíonn réimse leathan gníomhaíochtaí ar siúl ag na páistí san seomraí ranga lá fliuch - Cluichí Boird, leabhar a léamh, dathú, féachaint ar fhíseán srl. Ní mór do na páistí fanacht ina suí sna seomraí ranga.

  On wet days children are supervised inside. A wide range of activities take place in the classrooms - Board Games, reading a book, colouring, watching a video etc. The children must remain seated in the classrooms.

- Coinníonn an t-oide béal dorais súil ar rang nuair a bhíonn an t-oide ranga ar dualgas clóis ag ithe lóin.
  The neighbouring class teacher supervises the class of the teacher on Yard duty while he/she is eating lunch.

Am dul abhaile : *Home Time*

- Fágann naíonáin ag 2:00 i.n.
  Infants finish at 2.00

- Fágann daltaí Ranganna 1-6 ag 3:00 i.n. Fágann an páistí ó Ranganna 1-6 an fhoirgneamh faoi chúram an oide ranga. Imíonn siad ansin chun bus a fháil nó siúlann siad go dtí seomra Céimeanna Cliste. Fanann an t-oide ranga ar dhualgas go dtí go bhfuil na páistí imithe.
  Children from First to Sixth Classes finish at 3:00pm. Children First to Sixth classes are escorted by their class teacher to the bus and/or Céimeanna Cliste. The class teacher remains on duty until all the children have gone

- Muna mbailítear leanaí tar éis 2:00pm, (naíonáin) nó 3:00pm (Ranganna 1-6) tugtar go dtí an oifig iad agus rachaidh an rúnaí/múinteoir ranga i dteagmháil leis an tuismitheoir.

  If children remain uncollected after 2pm, (infants) or 3pm (First to sixth) they are brought to the office where the secretary/class teacher will contact the parent.

Ranganna ag dul go dtí an halla/clós srl *Classes going to the hall/yard etc*

- Siúlann na páistí i líne shingil sa scoil. Bíonn an rang faoi chúram agus i radharc an oide i gcónaí.

  Children walk in a single line in the school. The class is within sight of the teacher and under his/her care at all times.

An Seomra Ranga *The Classroom*

- Má tá ar an múinteoir an seomra ranga a fhágáil ar aon chúis, déantar socrú leis an múinteoir béal dorais nó leis an Phríomhoide súil a choinneáil ar an rang.

  If a teacher must leave the classroom for any reason an arrangement is made with the teacher next door or the Principal to supervise the class.

Oideachas Speisialta *Special Education*

- Bailíonn an múinteoir OS na páistí ó na ranganna.

The Special Education Teacher collects children from their classes.

Gníomhaíochtaí Lasmuigh den Scoil: ***Activities outside of school grounds***
(Turais Ranga, Siúlóidí, Cumann na mBunscoil, Blitz Lúthchleasaíochta srl)
(Class tours, walks, Cumann na mBunscoil, Athletics Blitz etc)

- Siúlann na páistí i mbeirteanna agus iad ag dul ar shiúlóid taobh amuigh de limistéir na scoile.
  Children walk in twos while going on trips out of school grounds.

- Cóimheas idir 5/10-1 ag brath ar an siúlóid/ turas agus aois agus riachtanais na ndaltaí.

  Ratio of 5/10 children per adult depending on the walk/ tour and age and needs of the children

Úsáid foirne lasmuigh den scoil chun an curaclam a fhorlíonadh:
Use of external personnel to supplement curriculum
(Ceol, Ceardlanna Ranga, Teagascóirí Seachtracha, Aoi-Chainteoirí, Cóitseálaithe Spóirt - CLG srl,)
(Music, Workshops,External Tutors,Guest Speakers,Sport's Coaches - GAA srl,)

- Bíonn Oide leis an rang i gcónaí.
  Class teacher with the class at all times

Fágáil Luath - ***Early leaving***

- Sa chás go bhfuil páiste ag fágáil na scoile luath (coinne dochtúra, fiaclóra srl) bailíonn an tuismitheoir an páiste ag an oifig. Ní mór síniú ar son gach páiste ag an oifig agus síniú isteach arís má fhilleann siad,

  In the event that a child must leave school early (medical appointments etc,) parents collect the child at the office. On collection/return they must complete the Sign Out/Sign In form available at the school office.

- Baileoidh ball foirne páistí ó ranganna Naíonán - Rang 2 atá ag fágáil luath agus tabharfaidh an ball foirne an páiste ar ais chuig a rang féin má fhileann sé /sí.

  All children from infants to second class leaving early for appointments or returning will be accompanied to and from their classroom by a member of staff.


Athbhreithniú. *Review*

Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas seo le linn na scoilbhliana 2027/28 nó níos luaithe más gá.
This policy will be reviewed during the 2027/28 school year or sooner if necessary.

Daingniú. *Ratification*


Ghlac Bord Bainistíochta Scoil an tSrátha Mhóir leis an mbeartas seo ar an 21 Meán Fómhair 2026.

The policy was ratified by the Board of Management of Scoil an tSrátha Mhóir on 21 September 2026.

Síniú : 

(Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta)

Dáta:21 Meán Fómhair 2026

Siniú: 

(Príomhoide)

Dáta: 21 Meán Fómhair 2026

.

Scoil an tSratha Mhóir

Gleann Domhain, Mín an Labáin, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall.
Uimhir Fón: 074 9137454 | ríomhphost:oifig@stramorens.ie